Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0095(COD)**

**7854/22**
**ADD 8**

**COMPET 210**
**IND 104**
**MI 255**
**ENER 123**
**ENV 318**
**CONSOM 82**
**CODEC 433**
**IA 37**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 31 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2022) 83 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR […] a ghabhann leis an doiciméad Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta a leagan síos le haghaidh táirgí inbhuanaithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CÉ |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 83 final.

Faoi iamh: SWD(2022) 83 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.3.2022
SWD(2022) 83 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

**[…]**

*a ghabhann leis an doiciméad*

**Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta a leagan síos le haghaidh táirgí inbhuanaithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CÉ**

{COM(2022) 142 final} - {SEC(2022) 165 final} - {SWD(2022) 81 final} - {SWD(2022) 82 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar an Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Is é an **príomhfhadhb** atá ann nach bhfuil tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe agus nach dtugtar aghaidh leordhóthanach orthu le rialacha an Aontais maidir le táirgí agus leis an margadh inmheánach, rud a fhágann go mbíonn rialacha náisiúnta níos éagsúla ann maidir le hinbhuanaitheacht táirgí.<br>Fo-fhadhb 1: *Ní chuirtear san áireamh go leordhóthanach leis an dearadh táirge tionchair chomhshaoil feadh an tsaolré, lena n-áirítear gnéithe ciorclaíochta.* Mar thoradh air sin, tá táirgí á n- athsholáthar go minic, lena mbaineann úsáid shuntasach fuinnimh agus acmhainní chun táirgí nua a tháirgeadh agus a dháileadh agus seantáirgí a dhiúscairt.<br>Fo-fhadhb 2: Tá sé fós *ródheacair d'oibreoirí eacnamaíocha agus do shaoránaigh roghanna inbhuanaithe a dhéanamh i ndáil le táirgí* ós rud é go bhfuil faisnéis ábhartha agus roghanna inacmhainne in easnamh chun déanamh amhlaidh. Is é a bhíonn mar thoradh air sin go gcailltear deiseanna le haghaidh inbhuanaitheachta agus le haghaidh oibríochtaí luach-choinneála, go mbíonn éileamh teoranta ar ábhair thánaisteacha agus go mbíonn bacainní ar ghlacadh samhlacha gnó ciorclacha.<br>Fo-fhadhb 3: *Cur i bhfeidhm fo-optamach na reachtaíochta maidir le hÉicidhearthóireacht atá ann faoi láthair*. Cé gur éirigh leis an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht go ginearálta, níl a lánacmhainneacht bainte amach go córasach. Faoi láthair, tá a raon feidhme teoranta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh agus ag an am céanna gintear tionchair shuntasacha chomhshaoil le táirgí eile freisin. Ar na príomh-shaincheisteanna eile nach mór aghaidh a thabhairt orthu, tá moilleanna suntasacha maidir le glacadh rialachán i ndáil le táirgí nua agus easpa comhlíontachta. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Is é an cuspóir ginearálta tionchair dhiúltacha chomhshaoil agus shóisialta na dtáirgí le linn a saolré a laghdú agus feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Is iad seo a leanas na cuspóirí sonracha:<br>1. Feabhas a chur ar inbhuanaitheacht táirgí<br>2. Rochtain níos fearr ar fhaisnéis inbhuanaitheachta feadh an tslabhra soláthair<br>3. Táirgí agus samhlacha gnó níos inbhuanaithe a dhreasú chun feabhas a chur ar luach-choinneáil<br>4. Feabhas a chur ar chur i bhfeidhm an chreata reachtaigh maidir le táirgí inbhuanaithe |
| **Cad é an breisluach atá le beart ar leibhéal an Aontais?** |
| Chun margadh inmheánach comhchuibhithe agus dea-fheidhmithe a áirithiú ar fud na mBallstát uile, agus dá bhrí sin cothroime iomaíochta le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha a oibríonn ar an margadh inmheánach, tá sé fíor-riachtanach tacar comhchoiteann rialacha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear ceanglais maidir le táirgí agus an oibleagáid faisnéis iontaofa a sholáthar d'úsáideoirí deiridh. Gan tionscnamh ar leibhéal an Aontais agus gan é a chur i bhfeidhm go héifeachtach, ní thabharfar aghaidh ar na fadhbanna a ndearnadh measúnú orthu sa mheasúnú tionchair seo go hiomlán agus go comhsheasmhach ar fud an Aontais Eorpaigh. Le tionscnaimh náisiúnta (a bhfuil cuid acu ar siúl cheana), cé go mbeidh sochair áirithe ann ar an leibhéal náisiúnta, is cinnte go ndéanfar an margadh inmheánach a ilroinnt a thuilleadh agus go mbeidh roghanna an tomhaltóra níos casta dá bharr. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** |
| Breithnítear réimse fo-roghanna le haghaidh 6 phríomhrogha agus cuirtear i gcomparáid leis an mbunlíne iad (Rogha 1). Baineann na roghanna leis na nithe seo a leanas:<br>• Raon feidhme táirge na reachtaíochta maidir le hÉicidhearthóireacht a shíneadh (Rogha 2)<br>• Ceanglais inbhuanaitheachta maidir le táirgí a shíneadh (Rogha 3)<br>• Faisnéis inbhuanaitheachta le haghaidh tomhaltóirí agus gnólacht le gnólacht (Rogha 4)<br>• Táirgí níos inbhuanaithe a chúiteamh trí dhreasachtaí (Rogha 5)<br>• Bearta um gheilleagar ciorclach agus luach-choinneáil (Rogha 6)<br>• An creat Éicidhearthóireachta a chur i bhfeidhm ar bhealach níos láidre (Rogha 7)<br>Baineann an **rogha teaglama** le gníomhaíocht maidir le gach rogha, lena n-áirítear raon feidhme na hÉicidhearthóireachta a leathnú go dtí réimse leathan táirgí amhail teicstílí, troscán agus táirgí idirmheánacha ardtionchair; a cheanglais inbhuanaitheachta a neartú go mór; ceanglais nua faisnéise le haghaidh táirgí a thabhairt isteach, lena n-áirítear Pas Táirge Digiteach a bhunú. I measc na ngníomhaíochtaí eile, tá dreasachtaí |

| | |
|---|---|
| ó údaráis phoiblí le haghaidh táirgí inbhuanaithe agus bearta chun scriosadh earraí tomhaltais neamhdhíolta a chosc. Meastar freisin go mbeidh bearta éagsúla ann chun cur i bhfeidhm na rialacha maidir le hÉicidhearthóireacht a neartú. | |
| **Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?** | |
| Rinne formhór na bpáirtithe leasmhara moladh go mbeadh raon feidhme cuimsitheach ann le haghaidh chreat an Tionscnaimh um Tháirgí Inbhuanaithe lena n-áirítear réimse leathan táirgí agus a ghlacann cur chuige saolré iomlán. Tá tacaíocht láidir ann maidir le raon feidhme na hÉicidhearthóireachta a shíneadh, agus tá comhaontú ginearálta ann gur cheart tosaíocht a thabhairt do na hearnálacha a sainaithníodh sa Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach[1], agus, go háirithe, monaróirí/allmhaireoirí a léiríonn a rogha maidir le cur chuige a chuireann sainiúlachtaí táirgí san áireamh go daingean. Tá comhaontú ginearálta ann (lena n-áirítear ó mhonaróirí/allmhaireoirí, FBManna, miondíoltóirí agus oibreoirí dramhaíola) gur bacainní ar infhaighteacht níos mó ar tháirgí inbhuanaithe iad an easpa reachtaíocht shoiléir, chuimsitheach agus cheangailteach agus an easpa faisnéis iontaofa, mar aon le forfheidhmiú míchothrom na gceanglas inbhuanaitheachta maidir le táirgí. Tacaítear go ginearálta le Pasanna Táirge Digiteacha le tromlaigh mhóra ar fud gach grúpa páirtithe leasmhara. Chuir tromlach mór na bpáirtithe leasmhara uile (lena n-áirítear údaráis phoiblí) in iúl go dtacaíonn siad le Soláthar Poiblí Glas éigeantach agus go n-aontaíonn siad go bhfuil gá le tuilleadh dreasachtaí chun éileamh a threorú i dtreo táirgí inbhuanaithe. Meastar go bhfuil gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus gníomhaíochtaí faireachais margaidh níos láidre (e.g. cigireachtaí nó iniúchtaí) riachtanach chun tacú leis an Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe a chur chun feidhme. | |
| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** | |
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** | |
| Tairbheoidh saoránaigh den infhaighteacht níos leithne táirgí agus roghanna a bhaineann le táirgí atá níos inbhuanaithe (amhail deisiú). Bainfear na táirgí is measa feidhmíocht den mhargadh de réir a chéile, rud a fhágann go mbeidh sochair ann amhail marthanacht, iontaofacht agus indeisitheacht fheabhsaithe táirgí. Leis na ceanglais chun athchúrsáil ardcháilíochta a áirithiú agus a n-ábhar athchúrsáilte a mhéadú, rannchuideofar le borradh a chur faoi sholáthar amhábhar tánaisteach agus faoin éileamh orthu. Le hinfhaighteacht níos fearr ar fhaisnéis maidir leis an ngné inbhuanaithe de tháirgí, ba cheart rogha an tomhaltóra a éascú agus tionscnaimh eile ar leibhéal an Aontais sa réimse seo a chomhlánú[2]. Leis na bearta chun cumhacht ceannaigh phoiblí a threorú i dtreo na dtáirgí is inbhuanaithe, luach-choinneáil a áirithiú agus cleachtais an gheilleagair chiorclaigh a chothú, cuideofar leis an margadh a ghlasú. Ar an iomlán, déanfar an margadh a ghlasú go mór le haghaidh táirgí, agus beidh sochair eacnamaíocha agus shóisialta ann dá bharr. Beidh sochair chomhshaoil ábhartha ann freisin, lena n-áirítear laghdú mór ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. | |

| | |
|---|---|
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** | |
| Mar gheall ar an ailtireacht chreata atá beartaithe don Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe, tá sé dúshlánach costais fhoriomlána na roghanna tosaíochta a shainaithint go beacht. Cé go mbeidh costais tionscnaimh áirithe a bhaineann leis an gcreat a bhunú agus le bearta an Tionscnaimh um Tháirgí Inbhuanaithe a ullmhú, is dócha nach dtabhófaí na costais is suntasaí ach amháin tar éis na bearta sin a leagan síos le haghaidh táirgí tosaíochta. Ar an iomlán, ciallaíonn sé sin gur dócha go dtiocfaí méadú ar chostais le haghaidh gníomhaithe eacnamaíocha a bhfuil baint acu le monaraíocht táirgí, agus cuirfear roinnt costas ar aghaidh chuig tomhaltóirí. Is é an scéal atá ann faoin Treoir reatha maidir leis an Éicidhearthóireacht, áfach, ná gur mó ná cúiteamh as na costais bhreise an choigilt airgid a dhéanann tomhaltóirí san fhadtéarma. Faoin Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe, tá acmhainn shoiléir ann freisin le haghaidh sochair ó shíneadh saolré agus ó fheabhsuithe sa phróiseas táirgthe. Thairis sin, d'fhéadfaí na méaduithe ar chostais táirgthe a fhritháireamh leis na coigiltis feadh an tslabhra luacha le haghaidh gnólachtaí eile. Beidh measúnuithe tionchair agus próisis chomhairliúcháin a dhéanann scrúdú ar na costais agus ar na sochair chun comhréireacht a áirithiú mar bhonn taca le bearta uile an Tionscnaimh um Tháirgí Inbhuanaithe. | |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** | |

[1] https://ec.europa.eu/environment/strategy/circular-economy-action-plan_ga

[2] Go háirithe, an Tionscnamh um Maímh Ghlasa agus an tionscnamh maidir le Tomhaltóirí a Chumhachtú don Aistriú Glas.

| |
|---|
| Beidh costais bhreise ar ghnólachtaí, lena n-áirítear FBManna, ar costais iad a ndéanfar anailís orthu i gcomhthéacs na mbeart cur chun feidhme a bheidh ann amach anseo, agus breithnítear féidearthachtaí le haghaidh maolaithe sna measúnuithe tionchair a ghabhann leis. Is comhréireach a bheidh aon chostas comhlíonta, agus d'fhéadfaí roinnt díobh a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí (agus meastar, ina dhiaidh sin, go ndéanfaí na costais sin a fhritháireamh le himeacht ama mar a thuairiscítear thuas). I gcás gnólachtaí a oibríonn thar theorainneacha an Aontais Eorpaigh, is dócha go laghdófar costais fhoriomlána chomhlíonta le ceanglais chomhchuibhithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, ós rud é go dtiocfaidh siad in ionad ceanglais éagsúla atá ann cheana nó atá beartaithe ar an leibhéal náisiúnta. Ina theannta sin, beidh sochair dhíreacha ann maidir le hiomaíochas na ngnólachtaí, lena n-áirítear sochair ó aistriú gníomhaíochta ó phróiseáil amhábhar príomhúil i dtreo próiseáil amhábhar tánaisteach agus ó tháirgeadh táirgí go cothabháil, athúsáid, athchóiriú agus deisiú táirgí agus díolacháin athláimhe, a bhfuil coinne leis go rachaidh sé chun tairbhe go mór do FBManna toisc go bhfuil siad níos gníomhaí sna hearnálacha sin. Cé gur mhol FBManna go bhféadfaidh tionchair dhiúltacha áirithe eascairt as cuid de na príomhbhearta faoi na roghanna beartais tosaíochta, creideann go leor acu freisin go bhféadfaí iad a fhritháireamh agus luach breise a sholáthar le himeacht ama (e.g. mar gheall ar chaiteachas laghdaithe ar ábhar; dílseacht mhéadaithe custaiméara; rochtain níos fearr ar an margadh le haghaidh táirgí glasa; buntáistí ó thaobh clú de etc.) |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Is é a bheidh mar thoradh ar na roghanna tosaíochta costais riaracháin le haghaidh na mBallstát, go háirithe gá le hacmhainní daonna breise. Ar an iomlán, ní mheastar go mbeidh siad suntasach i gcomparáid le sochair eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta na roghanna. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Bheadh feidhm ag na ceanglais maidir le cuideachtaí Eorpacha agus cuideachtaí neamh-Eorpacha ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, rud a áiritheoidh cothroime iomaíochta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a chuirtear ar mhargadh an Aontais. Bheadh na ceanglais comhsheasmhach le hoibleagáidí trádála idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh. |
| **D. Obair leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Leis an measúnú ar an Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe, 8 mbliana tar éis dó teacht i bhfeidhm, cuirfear le staidéir athbhreithniúcháin ghrúpashonracha maidir le táirgí agus déanfar scrúdú ar an méid atá ag obair go maith agus ar an méid nach bhfuil ag obair go maith. |